








Samhlaigh go bhfuil tú ag déanamh siopadóireachta le do theaghlach. Úsáid an fhaisnéis ón tábla thíos agus smaoinigh ar ar pléadh leis an rang, agus féach an féidir leat an rogha is inbhuanaithe a dhéanamh. **Ná déan dearmad, is inbhuanaithe i bhformhór na gcásanna bia a tháirgtear go háitiúil in Éirinn a cheannach.**

Sa tábla thíos feicfidh tú cuid de na tíortha a dhéanann bia a easpórtáil go hÉirinn agus an líon mílte a bhíonn le taisteal ag an mbia sula mbaineann sé Éire amach.



Ag teacht ó	Fad an aistir go hÉirinn
 An Afraic Theas	5,840 míle (9,397 ciliméadar)
 An Spáinn	902 míle (1,451 ciliméadar)
 An Cósta Eabhair	3,214 míle (5,172 ciliméadar)
 An Ríocht Aontaithe	288 míle (463 ciliméadar)
 Cósta Ríce	5,167 míle (8,314 ciliméadar)
 Éire	-----

*is meastacháin shlánaithe iad na figiúirí ar fad bunaithe ar an eolas atá le fáil ar foodmiles.com


1. Tá dhá chineál abhacáid ar díol san ollmhargadh. '**An Afraic Theas**' atá ar lipéad amháin. '**An Spáinn**' atá ar an lipéad eile. Roghnaíonn tú an t-abhacád a bhfuil an lipéad seo air:



2. Tá tú in éineacht le duine fásta agus ba mhaith leis cáis chéadair a cheannach le haghaidh oidis. Is iomaí rogha atá ann. Tá lipéad '**Somerset, Sasana**' ar cheann amháin. Tá '**Corcaigh, Éire**' ar cheann eile. Iarrann tú air an cháis seo a cheannach:



3. Tá anainn ar shladmhargadh! Iompórtáladh ó 'Chósta Ríce' agus ón 'gCósta Eabhair' iad. Cén rogha a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint léi?



4. Comhair! Cé mhéad míle ar an iomlán a thaistil an t-abhacád, an cháis agus an t-anann? *Leid* Don cheacht seo, níl mílte ar bith i gceist le hearraí ó Éirinn:


Líon iomlán mílte don abhacád +

Líon iomlán mílte don cháis +

Líon iomlán mílte don anann +

Mo líon iomlán mílte =

5. Tá tú faoi dheifir agus ní féidir leat teacht ar do bhranda áitiúil bainne sa siopa. Cén rud ar féidir leat súil a choinneáil amach dó a inseoidh duit ar an bpointe go bhfuil do bhainne saothraithe i bPoblacht na hÉireann?



6. Cé is moite de bhia-aistear, céard iad an dá rud eile is ceart dúinn a chur san áireamh agus bia á cheannach againn:

a. _____

b. _____

An dteastaíonn uait dul níos faide?

1. Féach foodmiles.com in éineacht le duine fásta/caomhnóir chun eolas a fháil ar bhia-aistear cuid de na rudaí atá i do chuisneoir!
2. Téigh chuig www.bordbia.ie/whats-in-season/best-in-season/calendar/september chun féilire a íoslódáil de bhia atá i séasúr. Croch an féilire sin sa bhaile le go mbeidh tú níos eolaí agus tú sa mhargadh!

